# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim



## Tá tú tomhaiste agam!

**Matamaitic sa ghnáthshaol**

**Leathanach 10**

As cló? Leathanach 5

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | EANÁIR 2009 | Eagrán 11

**san eagrán seo** / Eolas chun dáta / An Luath-óige / Teagasc agus foghlaim / Roth curaclaim/ Tuairiscí scoile / Intinní oscailte / An Ardteistiméireacht Fheidhmeach / Teachtaireachtaí ó thaighde **agus neart eile...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

## chuig an gcóip chrua dheireanach de info@ncca (don am i láthair pé scéal é)!

**Is iomaí cor atá sa saol agus chóiríomar *info@ncca* chun na hathruithe sin a chur san áireamh. Foilseofar eagrán mhí Aibreáin i bhformáid leictreonach amháin agus beidh sé ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM nó is féidir linn é a sheoladh díreach chuig do sheoladh ríomhphoist féin. Tá tuilleadh eolais faoin athrú seo agus an bealach ina gcinnteoidh tú go bhfaighidh tú eagráin info@ncca amach anseo ar leathanach 5.**

Don eagrán deireanach ar phár dhíríomar ar scoileanna agus ar sheomraí ranga, mar is iontu sin a chuirtear smaointe maidir leis an gcuraclam agus measúnú i bhfeidhm, agus is ann a bhláthóidh nó a bhfeofaidh siad, i gcomhthéacs an bhrú a bhíonn ar chláir ama ranganna agus scoileanna, brú atá ag méadú le linn an ama. Is scéal suimiúil é scéal Scoil Naomh Iósaf, Dún Dealgan, toisc gur fíorscéal daltaí agus múinteoirí fíorscoile atá ann. Dá mhéad úsáide a bhainfear as leaganacha leictreonacha de ***info@ncca*** is amhlaidh is mó úsáide a bhainfear as 'fíorscéalta' .... samplaí ón saol réadúil maidir le cleachtas nuálaíoch curaclaim agus measúnachta. Más mian leat do scoil a chur san áireamh, tá sonraí faoi conas é sin a dhéanamh ar leathanach 11.

Gné eile den 'saol réadúil' ná an tuairisc ar an gcomhairliúchán maidir le cuid de churaclaim athchothromaithe na Sraithe Sinsearaí, agus an obair atá ar bun ar an gcreatchuraclam do leanaí in ionaid choinneála. D'fhéadfaí a cheapadh go bhfuil an *'Roth Curaclaim'* ar leathanach 8 uaillmhianach, ach is ionann é agus fíoriarrachtaí na múinteoirí agus na foirne tacaíochta a oibríonn le roinnt de na leanaí agus daoine óga a bhfuil deacrachtaí acu an nasc a choinneáil leis an scolaíocht, lena dteaghlaigh agus leis an bpobal.

Foilsíodh an chéad eagrán de info@ncca i Meán Fómhair 2005. Tréimhse an-rathúil go deo a bhí sna trí bliana ó shin, ach tá athrú ar an saol anois. Is aimsir dheacair í seo do scoileanna agus dóibh siúd a oibríonn agus a fhoghlaimíonn iontu. Is é ár mana 'ag tacú le teagasc agus le foghlaim'..cuirtear tacaíocht do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí san áireamh ann. Cuirfear fáilte roimh bharúlacha maidir le conas feabhas a chur ar ***info@ncca*** i gcomhthéacs an mhana sin agus an tsaoil atá anois ann.

Anne Looney
Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta



# Clár an eagráin seo


| | |
|---|---|
| Eolas chun dáta | 04 |
| As cló? | 05 |
| Athchothromú na Sraithe Sóisearaí | 06 |
| Roth curaclaim: bealach nua chun smaoineamh faoi churaclam | 08 |
| Tógáil agus forbairt: teagasc agus foghlaim | 09 |
| Ag tuairisciú le muinín | 10 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | 13 |
| Tá tú tomhaiste agam! Matamaitic sa ghnáthshaol | 14 |
| Intinní oscailte | 17 |
| Teachtaireachtaí ó thaighde | 18 |
| Oideachas Luath-óige | 20 |


## Ag tacú le teagasc agus foghlaim ...


Foilsítear **info@ncca** trí huaire in aghaidh na scoilbhliana, i Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán.

Foilseofar eagrán mhí Aibreáin i bhformáid leictreonach amháin. Beidh tú in ann é a íoslódáil ó **www.ncca.ie/news/newsletter** an 24 Aibreán. Chun do chóip a fháil go huathoibríoch ag do sheoladh ríomhphoist féin, seol ríomhphost chuig **newsletter@ncca.ie** agus cuir an focal 'Subscribe' san fhearann ábhair, nó téigh chuig an láithreán gréasáin agus cliceáil ar 'Síntiús don nuachtlitir'.

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí agus roimh bharúlacha agus fiosruithe maidir leis an ábhar.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Laithreán gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh poist: **An tEagarthóir, info@ncca, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

Tuarascálacha agus tionscnaimh nua

## Daltaí sárchumasacha: dearcadh Eorpach

Míle buíochas le gach duine a thug freagra ar an gcomhairliúchán maidir le Daltaí Sárchumasacha: Dréacht-Treoirlínte do Mhúinteoirí *(Exceptionally Able Students, Draft Guidelines for Teachers 2007).* Cuireann na freagraí a fuaireamar in iúl dúinne gur mheas na daoine a bhíonn ag teagasc daltaí sárchumasacha go raibh na dréacht-treoirlínte suimiúil agus úsáideach. Nochtaigh sibh bealaí ina bhféadfaí iad a fheabhsú agus a leathnú chomh maith. Más mian leat an dréacht-tuairisc ar an gcomhairliúchán a léamh téigh go dtí **www.ncca.ie/publications.**

Tá *Exceptionally Able Students, Draft Guidelines for Teachers* (2007) ar fáil le léamh nó le híoslódáil ag **www.ncca.ie/publications**. Tá roinnt cruachóipeanna ar fáil ó **newsletter@ncca.ie**

I bhforbairt eile tá an CNCM ag treorú tionscadail sa réimse seo, mar bhall d'Fheadhnacht Institiúidí d'Fhorbairt agus Taighde in Oideachas san Eoraip (CIDREE). I gcomhar le comhghleacaithe ón Eilbhéis agus ón Olainn, tá sé beartaithe againn samplaí a chruthú de dhea-chleachtais maidir le hidirdhealú an churaclaim sa seomra ranga do dhaltaí sárchumasacha. Féach ar an gcéad eagrán eile de **info@ncca** le haghaidh eolas chun dáta ar an tionscadal CIDREE nó ar an mír den láithreán gréasáin a bhaineann le Riachtanais Speisialta Oideachais.

## Réidh chun gníomhú ar láithreán ACTION?

An bhfuil smaointe uait chun do cheachtanna a bheochan? Tá deireadh le do thóraíocht. Tá múinteoirí ar fud na tíre ag roinnt a gcuid smaointe agus gníomhaíochtaí samplacha linne agus tá cuid díobh ar fáil anois ag **www.action.ncca.ie**

Féach ar smaointe maidir le:

- TFC a úsáid mar ghléas múinteoireachta agus foghlama ó naíonáin go rang a sé.
- Measúnú chun Foghlama (AfL) a úsáid i rang a dó sa bhunscoil agus sa chéad, dara agus tríú bliain san iar-bhunscoil.
- cabhrú le daltaí sa bhunscoil atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise.

Bítear de shíor ag cur leis na hacmhainní seo agus cuirfear fáilte roimh do smaointe agus do chuid oibre féin. Cuir ríomhphost chuig **newsletter@ncca.ie** nó bain úsáid as an bhfoirm aiseolais ar an láithreán gréasáin ACTION.

## Nodbhileoga do thuismitheoirí naíonán

An múinteoir naíonán tú agus cruinnithe tuismitheora ag teacht aníos? B'fhéidir gur fiú duit na nodbhileoga a forbraíodh do thuismitheoirí daltaí den aois seo a dháileadh. Tá tuairimí praiticiúla agus nodanna simplí neamhchostasacha faoi bhealaí inar féidir le tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt do litearthacht agus uimhearthacht a leanaí a fhorbairt sa bhaile sna bileoga. Tagann na gníomhaíochtaí sna bileoga le modhanna a chleachtaítear sna réamhscoileanna agus i ranganna na naíonán. Tá siad ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ag: **www.ncca.ie/parents.**

## Líonra Bunscoile

Ní fhágfar torthaí an athbhreithnithe is déanaí a rinneadh ar Eolaíocht, Gaeilge agus OSPS ar seilf nó i gcomhad! Tabharfar cuireadh do mhúinteoirí bunscoile breathnú ar na saincheisteanna a tháinig aníos san athbhreithniú agus níos tábhachtaí fós, bealaí a aimsiú chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Áireofar ar na topaicí a bhreathnófar orthu:

- Modhanna múinte – mar shampla, idirdhealú, comhtháthú, smaointeoireacht ardoird; comhfhoghlaim
- Measúnú
- Teangacha sa churaclam
- Am- leithead agus fad an churaclaim.

Má tá suim ag do scoil páirt a ghlacadh sa líonra bunscoile agus féachaint ar aon cheann de na topaicí seo ba bhreá linn cloisteáil uait ag **newsletter@ncca.ie**

## Foghlaim ón nuatheicneolaíocht (FÓN)

Seans go gcuimhneoidh tú ar ár dtionscadal inar úsáideadh fóin phóca sna seomraí ranga chun Gaeilge a mhúineadh do dhaltaí na dara bliana. Cad é? Fóin phóca?! Gan amhras tá siad foirfe chun teanga a fhoghlaim! An uair seo táimid ag obair le sé scoil thrasteorannacha agus d'aimsíomar bealaí eile fós chun na fóin phóca a úsáid:

- foclóir a sheoladh chuig daltaí go laethúil le SMS
- comhrá idir na daltaí a éascú agus a thaifead ionas gur féidir leis an múinteoir éisteacht leis
- freagraí na ndaltaí ar cheisteanna an mhúinteora a thaifead ar féidir leis an múinteoir éisteacht leo níos déanaí.

Suim agat ann? Logáil isteach ar bhlag an tionscadail agus fág do bharúil ag **http://foghlaim.edublogs.org.**

## An tSraith Shinsearach

Tá dul chun cinn maith déanta ar leibhéal na sraithe sinsearaí agus tá cúpla dréacht siollabas againn anois, agus beimid ag lorg bhur mbarúlacha maidir leo. Cé go raibh sé beartaithe againn comhairliúchán a dhéanamh maidir leis na dréacht-siollabais seo go mall san Fhómhar níl an comhairliúcháin sin oiriúnach faoi láthair i bhfianaise na gciorruithe ar chaiteachas poiblí ar scoileanna agus sa chóras oideachais i gcoitinne.

Anois táimid ag breathnú ar bhealaí éagsúla inar féidir linn na forbairtí i gcuraclaim agus measúnú na sraithe sinsearaí, agus na bealaí is fearr chun athrú chun feabhais a dhéanamh sa tsraith shinsearach, a roinnt le lucht féachana níos leithne.  Beidh bhur dtuairimí á lorg againn ar-líne agus casfaimid ar eagraíochtaí cosúil leis na cumainn ábhair agus múinteoirí, cuideachtaí na dtuismitheoirí agus roinnt scoileanna agus grúpaí daltaí sna míonna amach romhainn.

Coinnigh súil ar an láithreán gréasáin, **www.ncca.ie/seniorcycle** chun tuilleadh eolais a fháil.

# As cló?

Le trí bliana anuas cuireadh **info@ ncca** i gcló, i bpacáistí agus dáileadh é chuig gach uile scoil in Éirinn. Seoladh cóip amháin chuig scoileanna beaga, seoladh cúig cinn chuig scoileanna níos mó agus seoladh deich gcinn chuig na scoileanna is mó. Bhí a fhios againn nach raibh ár gcóras dáileacháin foirfe toisc go bhfaighimis neart iarratas ar chóipeanna sa bhreis nuair a foilsíodh é. Tá an chuma ar an scéal go mb'fhearr le múinteoirí ceann an duine a fháil. Agus b'fhearr linne go mbeadh ceann an duine agaibhse. Ach faraor tá sé i bhfad róchostasach an oiread sin cóipeanna a chló.

Agus anuas air sin uile tharla an cúlú eacnamaíochta agus ní rabhamar cinnte cibé an bhféadfaimis **info@ ncca** a fhoilsiú ar chor ar bith. Bhuel.. IS FÉIDIR LINN! Rinne an fhoireann eagarthóireachta dianmhachnamh agus réitíodar an scéal. D'aimsigh siad bealach chun airgead a shábháil agus ag an am céanna dearbhú go bhfaigheadh gach múinteoir sa tír an deis féachaint ar a chóip féin den iris.

## Conas is féidir é sin a bhaint amach? Mar seo a leanas:

Foilseofar an chéad eagrán eile (Uimh.12) i bhformáid leictreonach amháin. Beidh tú in ann é a íoslódáil ó **www.ncca.ie/news/newsletter** Dé hAoine an 24 Aibreán.

Más mian leat do chóip a chur in áirithe roimh ré agus deimhin a dhéanamh de go dtiocfaidh sí díreach chuig do chuntas ríomhphoist ar an dáta sin, téigh go dtí **www.ncca.ie**, cliceáil ar an gcnaipe **'Síntiús don nuachtlitir'**, cuir do shonraí ar an bhfoirm ar chúl agus cliceáil ar an gcnaipe 'Subscribe'.

Sa leagan leictreonach beidh tú in ann bogadh timpeall an eagráin gan aon stró. Tá gach uile theideal sa chlár (nó ar an gclúdach) nasctha leis an alt féin. Mar sin má chliceálann tú ar an teideal tógfar tú chuig an gcéad leathanach den alt. Ar an dul céanna, féadfaidh tú cliceáil ar gach láithreán gréasáin nó ar gach seoladh ríomhphoist a luaitear san eagrán agus seolfar tú chuig an láthair sin ar an bpointe. Féadfaidh tú brabhsáil ar do shuaimhneas nó cóip a chló más fearr leat é sin.

Mura n-oibríonn sé sin agus go mbíonn an leagan clóite ag teastáil uaibh arís aimseoimid bealach chun é a thabhairt ar ais. Bí ag faire amach dár **suirbhé ar-líne** in eagrán mhí Aibreáin. Trí chliceáil ar an nasc agus ár gceisteanna a fhreagairt, beidh ar do chumas do bharúlacha ar an bhformáid leictreonach **info@ncca** a chur in iúl dúinne.

Cibé ar bith, geallaimid na forbairtí is nuaí maidir le curaclam agus measúnú a chur faoi do bhráid agus tabharfaimid tacaíocht don teagasc agus don fhoghlaim sa seomra ranga. Tá súil againn go leanfaidh tú ort ag léamh **info@nacca** agus ná bíodh leisce ort do bharúlacha a sheoladh chugainn nó smaointe faoi na rudaí ar mhaith leat féin a fheiceáil ann.




Is **i bhformáid leictreonach amháin** a fhoilseofar an chéad eagrán eile (Aibreán 2009). Féadfar é a íoslódáil ó **www.ncca.ie/news/newsletter Dé hAoine an 24 Aibreán.**

# An Teastas Sóisearach a athchothromú

**Aiseolas ón gcomhairliúchán faoi na cúig ábhar a athchóiríodh ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh.**

| Cuir tic leis an mbosca cuí a ghabhann leis na ceisteanna a leanas: | |
|---|---|
| An tú duine den 1,500 múinteoir a thug cuairt ar ár láithreán gréasáin i rith na gcomhairliúchán maidir leis na cúig ábhar 'athchothromaithe' sa Teastas Sóisearach (Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh; Béarla, Stair, Eacnamaíocht Bhaile agus Ceol) ag deireadh na scoilbhliana? | Is mé ☐ Ní mé ☐ |
| An tú duine den 631 freagróir a chomhlánaigh ár suirbhé ar-líne ar láithreán gréasáin na CNCM (www. ncca.ie)? | Is mé ☐ Ní mé ☐ |
| An tú duine de na múinteoirí, a d'fhreastail ar chruinnithe na gcumann ábhair agus a nocht barúlacha ar na hathruithe a moladh maidir le hathchothromú ábhair an Teastais Shóisearaigh ? | Is mé ☐ Ní mé ☐ |
| An múinteoir/ teachta thú, a d'fhreastail ar chruinniú comhairliúcháin? | Is mé ☐ Ní mé ☐ |
| An tú duine de na sluaite atá ar an eolas gur tionóladh cruinnithe comhairliúcháin le daltaí, tuismitheoirí agus le príomhoidí agus leas-phríomhoidí? | Is mé ☐ Ní mé ☐ |
| An múinteoir thú a bhfuil aithne agat ar chuid de na tuismitheoirí a ndeachthas i gcomhairle leo i rith an chomhairliúcháin? | Is mé ☐ Ní mé ☐ |
| An tú duine de na daoine ar mhaith leo eolas a fháil faoi thorthaí na gcomhairliúchán? | Is mé ☐ Ní mé ☐ |

Más amhlaidh gur fhreagair tú 'is mé' ar aon cheann de na ceisteanna thuas, míle buíochas leat. Tá tú tar éis cur lenár gcuid oibre siollabais an Teastais Shóisearaigh san Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh, sa Bhéarla, sa Stair, san Eacnamaíocht Bhaile nó sa Cheol a mhúnlú don todhchaí.



In eagrán 10 de **info@ncca** (ar fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin **www. ncca.ie/news/ newsletter**), d'insíomar duit faoi na comhairliúcháin a bheadh ag tarlú chun athchothromú na n-ábhar a luadh thuas a phlé. Anois seo duit torthaí na gcomhairliúchán sin!

Fiú murar fhreagair tú 'is mé' thuas, léigh ar aghaidh le fáil amach cad a cheapann múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí, príomhoidí agus leas-phríomhoidí, teachtaí chumainn na múinteoirí agus do chomhghleacaithe maidir leis na hathruithe a moladh i ngach ábhar. Is é seo a leanas coimre dár bhailíomar. Is féidir leat miontuairisc ar d'ábhar a fháil ar ár láithreán gréasáin ag **www.ncca.ie/juniorcycle**.

## Dearadh agus leagan amach na gcuraclam

Chuir freagróirí fáilte roimh an leagan amach coiteann, dar leo feabhas iontach é sin, agus d'aithin siad nach miste gnéithe áirithe de roinnt curaclam a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh. Dúirt bainisteoirí scoileanna, daltaí agus tuismitheoirí gurbh fhurasta comparáid a dhéanamh idir na siollabais.

## Torthaí foghlama a thabhairt isteach

> **Tá na torthaí foghlama leagtha amach go soiléir agus tá sé an-éasca iad a leanúint.' 'Simplíonn siad an méid atá le múineadh agus tá sé éasca iad a leanúint toisc go bhfuil siad i bhfoirm pointí.'**
>
> MÚINTEOIR EACNAMAÍOCHT BHAILE, SUIRBHÉ AR-LÍNE

Cuireadh fáilte roimh thorthaí foghlama toisc gur mhothaigh na múinteoirí go gcuideodh siad leo agus iad ag pleanáil, ag dearadh agus ag measúnú na múinteoireachta agus na foghlama. Bhí sé an-soiléir gur mhothaigh na múinteoirí go raibh gá le tacaíocht chun torthaí foghlama a thabhairt isteach.

## An bhfuil an t-athchothromú éifeachtach?

Cuireadh fáilte roimh an laghdú ar **fhorluí** neamhriachtanach. Ach, bhí freagróirí den tuairim gur cuidiú é beagán forluí a bheith ann idir na hábhair mar chuidigh sé leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim agus dar leo gur chóir é a choinneáil.

Cuireadh fáilte roimh an laghdú ar an **ualach foghlama** i roinnt ábhar toisc gur aithníodh go gceadódh sé staidéar níos doimhne a dhéanamh sna hábhair. I gcásanna áirithe áfach, nochtadh imní go gcruthódh laghdú ró-mhór ar an ualach foghlama bearna ró-leathan idir an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht. Déanfaidh coistí na gcúrsaí gach iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir an ualach foghlama a laghdú agus aon bhearna dá leithéid a sheachaint.

## Measúnú

Tarraingíodh an-aird ar mheasúnú i rith an chomhairliúcháin. Ba shuimiúil an rud é gur mheas múinteoirí na sraithe sóisearaí gurb ionann measúnú agus scrúduithe. Tabharfaidh an giota seo léargas ar dhearcadh an–chuid de na freagróirí.

> **Braithfidh rath na siollabas athchothromaithe seo go mór ar an scrúdú deiridh a shocróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Caithfidh sé teacht le haidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais. Ní dóigh liom gur tharla sé sin nuair a tugadh siollabas an Teastais Shóisearaigh isteach sa bhliain 1989.**
>
> MÚINTEOIR STAIRE, SUIRBHÉ AR-LÍNE



## Réimsí Tacaíochta

Mhothaigh na freagróirí i gcoitinne ní hamháin go raibh tacaíocht a bhain lena n-ábhar de dhíth ach go raibh gá le seisiúin in-seirbhíse maidir le réimsí ginearálta ar nós conas ranganna cumais mheasctha a mhúineadh, Measúnú chun Foghlama a chur i bhfeidhm (AfL), TFC a úsáid ar bhealach cruthaitheach agus torthaí foghlama a úsáid chun teagasc agus foghlaim a phleanáil. Bhí sé suimiúil a thabhairt faoi deara an méid múinteoirí a chuir in iúl gur fearr leo acmhainní a fháil i bhformáid leictreonach.

## An chéad chéim eile.

Tá athbhreithniú ar thuairiscí na n-ábhar curtha i gcrích ag coistí na gcúrsaí anois.  Rinne na coistí anailís agus plé ar an ábhar uile a tháinig aníos sna comhairliúcháin leis na grúpaí éagsúla. Rinneadh leasuithe ar na siollabais athchothromaithe ag eascairt as an aiseolas, cuireadh os comhair Comhairle an CNCM iad le faomhadh, agus ina dhiaidh sin cuirfear iad chuig an Roinn Oideachais. Beidh moladh straitéiseach ag gabháil leis na siollabais athchothromaithe faoi conas is fearr tacú lena dtabhairt isteach.

Mar sin, cibé an dteastaíonn uait coinneáil chun dáta le forbairtí i d'ábhair féin nó a fháil amach cén uair a thabharfar na siollabais athchothromaithe isteach, ní gá duit ach breathnú ar ár láithreán gréasáin **www.ncca. ie**, nó féach ar an eolas chun dáta sna heagráin de **info@ncca** a fhoilseofar amach anseo.

## Aiseolas a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith


Bhí na pointí a leanas ar an iliomad pointe a rinneadh i rith an chomhairliúcháin.

| | |
|---|---|
| Ealaín, Ceird, Dearadh | • Ba mhaith le freagróirí ráiteas níos soiléire a fheiceáil maidir le measúnacht don siollabas.<br>• Ba mhaith leo go ndéanfar coigeartuithe ar na modhanna measúnachta a úsáidtear. |
| An Béarla | • Ba mhaith le freagróirí go mbeadh na modhanna measúnachta ar aon dul leis na haidhmeanna, na cuspóirí agus torthaí na foghlama.<br>• Lorg siad plé maidir le soláthar ábhar teagaisc molta cuí le húsáid sna seomraí ranga agus na himpleachtaí a bheadh aige seo ar nádúr oscailte an tsiollabais. |
| An Stair | • Ba mhaith leis na freagróirí go laghdófaí Mír 3 den chúrsa a thuilleadh.<br>• Ba mhaith leo go mbeadh níos mó béime ar an tionscadal a dhéantar le linn an chúrsa, rud a bheadh níos cosúla le scrúdú na hArdteistiméireachta agus a mhéadódh bailíocht scileanna an staraí a mheas. |
| Ceol | • Ba mhaith le freagróirí go ndéanfaí níos mó oibre ar na liostaí dualgais (amhráin agus saothair).<br>• De bhreis air sin ba mhaith leo go dtabharfaí isteach critéir a úsáidfear maidir leis an gceol don léiriú a roghnú. |
| Eacnamaíocht Bhaile | • Mhothaigh na freagróirí go ndearnadh an iomarca athchothromaithe, agus gur leathnaíodh an bhearna idir an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht.<br>• Mhothaigh na freagróirí go raibh gá le roinnt den fhorluí le hábhair eile agus gur chóir é a choinneáil. |

# An roth curaclaim:

## Bealach nua chun smaoineamh faoi churaclam

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, d'fhorbair an CNCM creatchuraclam do dhaoine óga i scoileanna coinneála, in aonaid ardtacaíochta agus in aonaid chúraim speisialta *(Curriculum Framework for Children Detention Schools, High Support Units and Special Care Units)*. Cuireann Scoileanna Coinneála do Leanaí cúram cónaithe, oideachas agus athshlánú ar fáil do dhaoine óga a choimeádtar siar faoi choinneáil nó a sheolann an Ard-Chúirt ann iad. Cuirtear Cúram Ardtacaíochta ar fáil do pháistí le géarfhadhbanna mothúchánacha agus iompraíochta, agus freastalaíonn na hAonaid Chúraim Speisialta ar dhaoine óga atá faoi réim orduithe cúraim speisialta deonaithe ag an Ard-Chúirt. Sainíonn an Creatchuraclam na haidhmeanna, na treoirphrionsabail agus na gnéithe saintréitheacha de na cláir oideachais a forbraíodh le tagairt don chreatlach d'fhoghlaimeoirí sna scoileanna agus sna haonaid seo.






## Aidhmeanna

Tá aidhmeanna an chreatlaigh bunaithe ar aidhmeanna na gcuraclam bunscoile agus iar-bhunscoile, mar aon le tuairimí na múinteoirí agus na bhfoghlaimeoirí sna suíomhanna sin maidir le ról agus le feidhm an chreatlaigh.

## An Roth Curaclaim

Nascann an *Roth Curaclaim* réimsí foghlama ó chláir oideachais scoileanna agus aonaid leis na gnéithe eile den chreatchuraclam.

Tá an foghlaimeoir mar chroílár an churaclaim. Cuirtear é sin in iúl le ciorcail chomhlárnacha ar roth a mheabhraíonn do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí an tábhacht a bhaineann le dearcadh iomlánaíoch ar an gcuraclam a bheith acu. Gluaiseann gach ciorcal go neamhspleách, agus ailínítear na gnéithe den churaclam atá léirithe orthu leis na heilimintí sin a thacaíonn leo sna ciorcail eile. Leis an roth, cuirtear béim ar fhreagracht an churaclaim ina iomláine chun scileanna riachtanacha mar an litearthacht, an uimhearthacht agus scileanna don saol a chothú mar aon leis an ngá atá le scileanna, eolas, tuiscint agus dearcadh a chomhtháthú ar fud gach uile réimse foghlama. Sa chiorcal lasmuigh cuirtear béim ar na treoirphrionsabail.

Tá leagan idirghníomhach den *Roth Curaclaim* mar aon le míniú gearr ar na heilimintí ar fáil ón láithreán gréasáin ACTION, **www.action.ncca.ie**. Féadfar an creatchuraclam a íoslódáil chomh maith ón láithreán seo, nó trí na naisc a leanúint ó láithreán gréasáin CNCM **www.ncca.ie**. Tá treoirlínte á gcur i gcrích chun tacaíocht a thabhairt do chur i ngníomh an chreatlaigh i scoileanna agus in aonaid agus beidh siad ar fáil le híoslódáil ó ACTION go luath.

# Tógáil agus forbairt: teagasc agus foghlaim



Baineann cuid d'obair an CNCM ar an gcuraclam agus ar mheasúnacht le taighde agus sárchleachtas a roinnt le tíortha eile. Ba dheis í an Chomhdháil Eorpach ar Thaighde Oideachais sa tSualainn Meán Fómhair seo caite an obair shuntasach a rinne múinteoirí iar-bhunscoile sa tír seo a phlé.

Chuireamar páipéar i láthair ag an gcomhdháil (féach an clár ag **www.ipd.gu.se/english/ecer2008/**) maidir le trí thionscnamh fhorbartha atá á gcur chun chinn faoi láthair ag múinteoirí i roinnt scoileanna. Baineann gach ceann de na tionscnaimh seo le múinteoirí sna seomraí ranga atá ag forbairt gnéithe difriúla den churaclam agus atá ag roinnt a dtaithí le múinteoirí eile agus leis an CNCM. Dhírigh an páipéar aird ar mhúinteoirí mar fhorbróirí curaclaim ar an láthair ina seomraí ranga.

Is iad na trí réimse oibre ná:

- idiraonaid a fhorbairt
- príomhscileanna a úsáid i seomraí ranganna na sraithe sinsearaí
- féachaint ar conas próifílí foghlama níos solúbtha do dhaltaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt.

Féadfaidh tú teacht ar tuilleadh eolais maidir leis na hidiraonaid agus na príomhscileanna ar **www.ncca.ie/seniorcycle**. Foilseofar tuairisc ar phróifílí foghlama solúbtha ar an láithreán gréasáin sna míonna amach romhainn.

Beidh an páipéar comhdhála seo ar fáil i leabhar a fhoilseofar i mbliana dar teideal *Schools as Curriculum Agencies*, agus ina mbeidh caibidlí ó thíortha na hEorpa agus na hÁise. Tá suim idirnáisiúnta inár gcuid oibre le scoileanna agus le múinteoirí agus tháinig beirt mhúinteoirí atá ag obair ar an tionscnamh príomhscileanna chuig an gComhdháil *Quest* in Toronto i mí na Samhna, le cuireadh ó bhord scoile cheantar York. Roinn siad a dtaithí agus a dtuiscintí faoi conas seomraí ranga spreagúla a chruthú agus faoi conas foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.

Taobh amuigh de chur i láthair pháipéar an CNCM, cad a bhí le rá ag an 1,700 duine eile agus breis agus 900 páipéar faoi mhúinteoireacht agus foghlaim? Déantar coimriú maith ar na smaointe a pléadh san eochairpháipéar dar teideal *Learning empowers, and teachers are important mediators in this enabling process* curtha i láthair ag an Ollamh Hanele Niemi ó Ollscoil Heilsincí. Labhair sí faoin bpróiseas athshainithe a ndeachaigh coincheap uile na foghlama tríd le blianta beaga anuas. Breathnaítear anois ar fhoghlaim mar phróiseas a bhaineann leis an duine aonair, ina gcruthaíonn foghlaimeoirí a n-eolas féin. Breathnaítear ar fhoghlaim mar phróiseas bunaithe ar eolas a roinnt i gcomhar le páirtithe éagsúla sa phobal.

An coincheap atá ag daoine anois, breathnaítear ar eolas mar rud atá ag síorathrú agus a chruthaítear i gcomhar le foghlaimeoirí eile seachas mar rud seasta nach n-athraíonn riamh. Tá timpeallachtaí foghlama tar éis athrú as cuimse. Mar aon le scoileanna agus le hinstitiúidí oideachais, bíonn réimse mór de thimpeallachtaí éagsúla foghlama i gceist anois, timpeallachtaí fíorúla san áireamh. Tá na coincheapa traidisiúnta faoi na háiteanna agus na modhanna ina bhfoghlaimíonn daoine á sárú ag saol oibre na n-óg, a n-idirghníomhaíocht leanúnach leis na meáin, agus an úsáid a bhaineann siad as a n-am saor.

Dúirt an tOllamh Neimi ag an gcomhdháil go bhféadfaí breathnú ar fhoghlaim mar chumhachtú. Ciallaíonn sé seo go sealbhaíonn daoine na gléasanna chun a saol a mhúnlú agus a smachtú, agus tríd an bhfoghlaim go gcruthaíonn siad eolas agus inniúlachtaí nua. An gciallaíonn sé seo nach bhfuil aon ghá le múinteoirí agus le múinteoireacht a thuilleadh? Ní ná é! Ní hea! Is é croílár na foghlama ná an idirghníomhaíocht idir múinteoirí agus foghlaimeoirí ach anois is minice ról éascaitheora a bheith ag an múinteoir. Dar leis an Ollamh Neimi, is tábhachtaí ról an mhúinteora san fhoghlaim anois toisc go gcumasaíonn siad foghlaimeoirí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis na gléasanna riachtanacha chuige seo. Tá ról gairmiúil na múinteoirí ag leathnú agus tá tuiscint dhomhain ar na hábhair atá á múineadh acu ag teastáil chomh maith leis na gléasanna atá ag teastáil chun cuidiú lena ndaltaí foghlaim a dhéanamh.

Mar sin, is léir go bhfuil tuairimíocht úr faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim ag síorathrú. Féach timpeall ort ar do láithreán tógála féin inniu!

# Ag tuairisciú le muinín

## Tuairiscí scoile a athmhúnlú

Tasc deacair a dhóthain é tuairisc scoile linbh a chomhlánú! Bíonn dúil ag na múinteoirí tuairisc mhacánta a thabhairt ach ag an am céanna teastaíonn uathu a bheith dearfach agus a thógáil san áireamh go mbíonn bearna go minic idir iarracht an linbh agus an marc a bhain sé amach. Saincheist eile a bhíonn rompu ná eolas faoi mheasúnú a chur ar phár ar bhealach a thugann léargas cuimsitheach agus iomlánaíoch ar an leanbh ach ar féidir na tuismitheoirí é a thuiscint go cruinn sa bhaile.

Is dúshlán mór é cárta tuairisce a dhearadh a théann i ngleic leis na ceisteanna seo agus mórán eile nach iad, chomh maith le léargas a thabhairt ar riachtanais an churaclaim, na leanaí, na dtuismitheoirí, na múinteoirí agus na scoileanna a thabhairt san áireamh, riachtanais atá ag síorathrú. D'ainneoin na ndeacrachtaí seo thug príomhoide, agus foireann Scoil Naomh Iósaf i nDún Dealgan orthu féin a dtuairiscí scoile a athmhúnlú mar chéim i dtreo feabhas a chur ar an múinteoireacht agus an fhoghlaim ina scoil. Chuamar go Dún Dealgan chun súil a chaitheamh ar a raibh ar siúl acu.

### C. Cén fáth ar tosaíodh é seo uile?

Tháinig an dúil san athrú ón scoil féin. Ó tháinig an curaclam leasaithe ar an bhfód bhíomar ag éirí míshásta leis an seanchárta tuairisce bliantúil a bhí againn. Is measúnú cúng é seo ar fhoghlaim an linbh amháin.

Cúis eile leis an athrú ná gur athraíomar d'aon ghnó ár dtuairim faoi ról an mhúinteora agus ról na dtuismitheoirí san oideachais. Táimid ag tógáil pobal foghlaimeoirí anseo, ina gcothaíonn múinteoirí, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha fís dár ndaltaí mar fhoghlaimeoirí gníomhacha straitéiseacha – atá feasach faoin méid a fhoghlaimíonn siad agus ar na fáthanna agus conas a fhoghlaimíonn siad. Bhí cártaí tuairisce ag teastáil uainn a léireodh ár gcreideamh in ionchas ár ndaltaí agus ár dtuismitheoirí a thacaíonn le, agus a saibhríonn obair na múinteoirí chun foghlaimeoirí neamhspleácha a fhorbairt.

### C. Cén réimsí a cuimsíodh in bhur dtuairiscí?

Bhí roinnt réimsí ann ina raibh comhaontú eadrainn fúthu:

- Léargas cuimsitheach agus iomlánaíoch ar an leanbh mar fhoghlaimeoir.
- Faisnéis atá éasca le léamh agus le tuiscint.
- Smaointe simplí cinnte do thuismitheoirí chun cúnamh a thabhairt dá bpáistí.
- Spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha don mhúinteoireacht agus d'fhoghlaim dhifreáilte.
- Cur chuige caighdeánaithe maidir le breithiúnas agus measúnú na múinteoirí.
- Féin-mheasúnú na ndaltaí.
- Pointe teagmhála do mhúinteoirí tacaíochta chun measúnú a chur ar fáil.
- Féadfar measúnaithe ar fhoghlaim agus chun foghlama a roinnt le gairmithe ábhartha eile.

### C. Cad é an chuspóir a bhí le rannphháirtíocht an linbh sna cártaí tuairisce?

Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach go dtuigfeadh leanaí conas a fhoghlaimíonn siad. Dá réir sin tá rannpháirtíocht an linbh agus féinmheasúnú riachtanach. Tá leabhrán A4 ag gach leanbh mar thuairisc ar a bhlianta sa bhunscoil. Tá spás ar chlúdach an leabhráin do ghrianghraf an linbh sna naíonáin shóisearacha agus arís i rang a trí. Mar seo, déantar pearsanú ar na cártaí tuairisce agus cothaíonn sé sealbhaíocht an linbh ar a bhfuil ann.



info@ncca

## C. Cad a cheapann tuismitheoirí faoi na tuairiscí nua?

Fuarthas aiseolas an-dearfach nuair a úsáideadh na cártaí tuairisce den chéad uair ag na cruinnithe idir na tuismitheoirí agus na múinteoirí. D'éis sin, d'athraíomar na cártaí tuairisce bunaithe ar an eolas a fuaireamar maidir le taithí na leanaí, na dtuismitheoirí agus na múinteoirí. Ba chabhair iad dréacht-chártaí tuairisce na CNCM chun na leasuithe a dhéanamh.

Tá scéalta cloiste againn go bhfuil na tuismitheoirí sásta leis na tuairiscí nua seo. Tabharfaidh an 'Children Show the Way Day' deis dúinn éisteacht le tuairimíocht na dtuismitheoirí nuair a thagann 90% díobh ar cuairt chun na scoile. An rud a chuaigh i bhfeidhm orainn áfach ná gurb é seo an chéad uair a luaigh tuismitheoirí spriocanna agus tuairimí sonracha a bhí luaite ag na múinteoirí. Mothaíonn siad gur thug sé fócas dóibh chun obair a dhéanamh lena leanaí sa bhaile. Deir siad go gcuideoidh sé leo plé tairbheach a bheith acu leis an múinteoir ranga i rith na bliana.

## C. Ar fhorbair sibh an cárta céanna do na daltaí ar fad agus do ráithe difriúla den bhliain?


Ón taobh praiticiúlachta de theastaigh uainn cárta tuairisce a sholáthar a d'fhéadfaí a chur le chéile go héasca agus a choimeád i leabhrán amháin. Tá na cártaí, ar féidir iad a chóipeáil, eagraithe de réir datha, agus coinnítear le chéile iad de réir leibhéal na ranga; gorm i gcomhair na naíonán, glas i gcomhair na ranganna sóisearacha, buí i gcomhair na mblianta láir agus bándearg i gcomhair na ranganna sinsearacha. Tá dhá chárta tuairisce ann do gach rang, ceann le húsáid ag na cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus ceann díreach cosúil leis sin le húsáid ag deireadh na bliana.

## C. Cad a cheapann múinteoirí faoi na cártaí tuairisce nua ?

Tá eitic oibre dhinimiciúil sa scoil a aontaíonn an fhoireann. Breathnaímid ar éachtaí agus ar dheacrachtaí gach linbh mar éachtaí agus deacrachtaí a bhaineann le foireann uile na múinteoirí. Tá an mothú ann go bhfuilimid comhfhreagrach agus de thoradh air sin bíonn cur chuige córasach, eagraithe agus eolasach i bhfeidhm maidir leis an múinteoireacht. Mar chuid d'fhoireann ghairmiúil tógann na múinteoirí ar na héachtaí agus tacaíonn siad leis na deacrachtaí. Dá réir sin tá luachanna coiteanna agus cur chuige comhsheasmhach againn maidir leis an múinteoireacht ar fud na scoile. Tá ciall le córas tuairiscithe ar aon réim a bheith i bhfeidhm.

*Ar mhaith leat do thaithí ar churaclam agus measúnú a roinnt linn? Bheadh an-áthas go deo orainn clóisteáil uait ag* ***newsletter@ncca.ie.***

*Léigh faoin scoil nach n-úsáideann téacsleabhair sa chéad eagrán eile de* ***info@ncca.***



## C. An raibh deacrachtaí ann an t-athrú a bhainistiú?

Aithníodh an gá le hathrú laistigh den scoil féin. Bhí na múinteoirí uile bainteach le leasú a dhéanamh ar na cártaí tuairisce. Níor cuireadh an t-athrú i bhfeidhm orthu ón mbarr anuas. Tá an fhreagracht ar phríomhoidí cúnta inár scoil ina ról mar Chinn Roinne ag leibhéil éagsúla: ranganna nach bhfuil sa phríomhshruth, agus ranganna naíonán, sóisearacha, agus sinsearacha. Chinntigh cruinnithe rialta laistigh de na ranna agus idir na ranna go raibh gach ball den fhoireann páirteach sa phróiseas chun an cinneadh a dhéanamh.

## C. Ar chuidigh obair an CNCM le forbairt na gcártaí tuairisce?

Cuireadh tús leis an obair ar na príomheilimintí ar chóir a bheith sa tuarascáil nua scoile sular bhreathnaíomar ar dhréacht-theimpléid an CNCM. Nuair a thuigeamar go raibh an CNCM bainteach le cártaí tuairisce a fhorbairt thug sé spreagadh agus uchtach úr dár dtionscadal. Ba é an tuairim a bhí ann ná go raibh bailíocht sheachtrach ag an méid a bhí ar siúl againn agus measadh go raibh fiúntas lenár gcuid oibre.

Thagraíomar freisin do *Measúnu i gCuraclam na Bunscoile* agus na cártaí á gcur i gcrích againn. Chuidigh na treoirlínte linn roinnt saincheisteanna a shoiléiriú. Leis na scrúduithe caighdeánaithe, mar shampla, spreagadh na múinteoirí ranga a measúnuithe tosaigh agus a mbreathnóireachtaí tosaigh sa seomra ranga a leanúint go príomha.



## C. Dá mbeadh oraibh an obair a dhéanamh arís céard a dhéanfá ar bhealach eile?

Cé nach bhfuil sé beartaithe dul tríd an bpróiseas seo arís ar feadh i bhfad, leanfaimid orainn ag feabhsú ár dtuairiscí. Mar shampla trí chomhairliúchán foirne chum gach roinn liosta de spriocanna i réimsí na litearthachta, na huimhearthachta agus na forbartha sóisialta ar féidir leis na múinteoirí roghnú astu. Chomhaontaigh siad spriocanna sonracha insroichte a d'fhéadfadh tuismitheoirí díriú orthu sa bhaile. Athrófar iad seo gach bliain nó gach dhá bhliain.

## C. Céard a déarfadh sibh le scoileanna eile a mbeadh suim acu cártaí comhchosúla a fhorbairt?

Mas mian leat go mbeidh rath ar an tionscadal, caithfear sealbhaíocht a bheith ag pobal uile na scoile ar an táirge. Chun an sprioc seo a bhaint amach ní miste go mbeadh gach duine atá páirteach i gcomhlánú na tuairisce páirteach ann ón tús, agus go mbeadh an deis ag gach duine a thuairimí féin a nochtadh, go n-éistfí leo, agus go mbeidís le feiceáil sna tuairiscí athdhréachtaithe.

## Pobal foghlaimeoirí

Mar fhocal scoir is rud deas é an nath,'Tá ardmheas ar do leanbh mar bhall den scoil seo' ar gach cárta tuairisce. Is léir ón atmaisféar muinteartha, beomhar, díograiseach a bhíonn romhat sa scoil, go bhfuil a mian pobal foghlaimeoirí a thógáil á chur i gcrích aici.

Le buíochas ar leith do **Gerry Murphy, Marcella Ní Chonluain** agus **Rosalyn Brady.**

**Scoil Náisiúnta Naomh Iósaf, Muirtheimhne Mór, Dún Dealgan**

***Tá ardmheas ar do leanbh mar bhall den scoil seo***

Leibhéal Ranga ______________________ Dáta ________________

Tá na ráitis a leanas bunaithe ar Fheidhmiúlacht agus ar Éachtaí i

rang ______________________(ainm an mhúinteora)

★ *Roinnt mhaith cúnaimh de dhíth*
★ *Is beag cúnaimh a bhíonn de dhíth*
★ *Ar a c(h)umas obair neamhspleách a dhéanamh sa réimse seo*
★ *Léiríonn sé/sí tuiscint dhomhain*

| | ★ | ★ | ★ | ★ |
|---|---|---|---|---|
| **Matamaitic** | | | | |
| Coincheapa agus fíricí a thuiscint | | | | |
| Nósanna imeachta agus modhanna a úsáid | | | | |
| Réasúnú agus fadhbanna a réiteach | | | | |
| Labhairt faoi mhatamaitic | | | | |
| **An Béarla** | | | | |
| Éisteacht | | | | |
| Labhairt | | | | |
| Léitheoireacht éiritheach/ Léitheoireacht | | | | |
| Luathscríbhneoireacht / Scríbhneoireacht | | | | |
| **Gaelige** | | | | |
| Éisteacht (Listening) | | | | |
| Labhairt (Speaking) | | | | |
| Léitheoireacht (Reading) | | | | |
| Scríbhneoireacht (Writing) | | | | |
| **Stair** | | | | |
| **Tíreolaíocht** | | | | |
| **Eolaíocht** | | | | |
| **Na hAmharcealaíona** | | | | |
| **Ceol** | | | | |
| **Drámaíocht** | | | | |
| **Corpoideachas** | | | | |
| **Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte** | | | | |
| **Oideachas Reiligiúnach** | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| Triailscóir chaighdeánaithe | **Béarla** Sten: | |
| | **Matamaitic** Sten: | |
| | *Sten 8-10: Cuid mhaith os cionn an mheáin* | *Sten 5-6 Meán* |
| | *Sten7: Os cionn an mheáin* | *Sten1-4: Faoi bhun an mheáin* |

**Múinteoir tacaíochta foghlama:** Tá do leanbh ag obair le

| |
|---|
| Dul chun cinn sa Bhéarla |
| Dul chun cinn sa Mhatamaitic: |

| Do Leanbh mar Fhoghlaimeoir | Go hannamh | Anois agus arís | Go minic | Go hiondúil |
|---|---|---|---|---|
| Léiríonn sé/ sí suim san fhoghlaim. | | | | |
| Cuireann sé/sí obair i gcrích go sásúil. | | | | |
| Cuireann sé/sí a c(h)uid oibre i láthair go cúramach. | | | | |
| Leanann sé/ sí air/uirthi le tascanna dúshlánacha. | | | | |
| Smaoiníonn sé/sí agus réitíonn sé / sí fadhbanna i mbealach cruthaitheach | | | | |
| Leanann sé/sí treoracha. | | | | |
| Tá sé/sí comhoibritheach/iontaofa. | | | | |
| Oibríonn sé/sí leis/léi féin gan stró. | | | | |
| Oibríonn sé/sí gan stró le leanaí eile. | | | | |

| Forbairt phearsanta agus shóisialta do linbh | Go hannamh | Anois agus arís | Go minic | Go hiondúil |
|---|---|---|---|---|
| Meascann sé/sí gan stró le leanaí eile. | | | | |
| Déileálann sé/sí le mothúcháin go cuí. | | | | |
| Bíonn sé/sí dea-iompartha sa rang. | | | | |
| Bíonn sé/ sí dea-iompartha i gclós na scoile. | | | | |

| Spriocanna don chuid eile den bhliain/don bhliain seo chugainn: |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

| Comhoibriú Baile/Scoile | Aird ag teastáil | Maith | Ar Fheabhas |
|---|---|---|---|
| Tinreamh | | | |
| Poncúlacht | | | |
| Éide | | | |
| Obair Bhaile | | | |

| Féinmheasúnú an Dalta | Tá | Níl |
|---|---|---|
| Tá mé sásta ar scoil. | | |
| Ceapaim go raibh mé dea-iompartha. | | |
| D'oibrigh mé go crua. | | |
| Tá mé sásta le m'éachtaí. | | |

| Bealaí inar féidir leat cuidiú le do leanbh feabhsú |
|---|
| 1. |
| 2. |

Leas-Phríomhoide:______________________________Tuismitheoir:___________

Síniú an Dalta: ____________________________________________

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

## Sracfhéachaint ar sholáthar reatha an ATF (LCA) i scoileanna

Tugadh an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) isteach sa bhliain 1995 agus tá rath uirthi ó shin. Struchtúr an chláir agus na modhanna múinteoireachta agus foghlama, cuidíonn siad le daltaí áirithe Ardteistiméireacht a bhaint amach. Seans nach mbainfeadh na daltaí seo an Ardteistiméireacht amach ar bhealach eile agus go bhfágfaidís an scoil gan aon cháilíocht. Mar a dúirt céimí amháin ón ATF:

*'Mura mbeadh an ATF á déanamh agam ní fhanfainn chun tabhairt faoin ngnáth Ardtéistiméireacht. Le bheith macánta faoi ní bheinn san áit ina bhfuilim anois gan í. Dúirt mé é sin sula ndeachaigh mé isteach chun an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a dhéanamh agus dúirt mé é sin san agallamh a rinne mé chun áit a fháil san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, mura bhfaighinn áit ní raibh mé chun fanacht, mar ní féidir liom déileáil le brú'.*

Tuairiscíonn múinteoirí go dtagann fás ar mhisneach agus mhuinín na ndaltaí le linn dhá bhliain an chúrsa agus tuairiscíonn na daltaí gur chuid dhearfach dá dtaithí scolaíochta í. Deir céimí ATF amháin gur athraíodh a leibhéal féinmhuiníne toisc na módhanna múinteoireachta a úsáidtear san ATF:

*'...sa chéad, sa dara, agus sa tríú bliain, ní raibh i gceist ach na leabhair a oscailt agus éisteacht leis an múinteoir ag caint, rudaí a scríobh síos, staidéar, agus ní raibh comhráití ar bun agus ní rabhamar rannpháirteach i rudaí éagsúla, i dtascanna éagsúla, agus san ATF téann tú ar thaithí oibre agus chuig an aonach tráchtála, bíonn eochairthascanna agus obair le grúpaí, bíonn tú ag caint agus ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí éagsúla cosúil leis an aonach tráchtála, agus bímid ag labhairt amach sa rang freisin.'*

### ATF mar chlár sa tsraith shinsearach

Is ionann agus seacht faoin gcéad de chohórt na hArdteistiméireachta in aon bhliain amháin iad daltaí an ATF agus tá an uimhir seo réasúnta seasta ón mbliain 2003. De réir an bheartais náisiúnta ba chóir líon na ndaltaí a chríochnaíonn an tsraith shinsearach san oideachas a mhéadú, agus is tráthúil an rud é breathnú ar sholáthar an chláir seo agus ar shaincheisteanna a bhaineann leis.

### Cé hé nó cé hí an gnáthdhalta ATF ?

Tá an chuma ar an scéal go bhfreastalaíonn an clár ATF ar dhaltaí a raibh deacrachtaí acu lena gcuid obair scoile, agus atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath, agus nach bhfuil páirteach go hacadúil agus a bhfuil taithí dhiúltach acu ar scoil. Tá baint láidir ag an méid daltaí a thugann faoin ATF leis an ngrúpáil cumais sa tsraith shóisearach, leanann 34% de dhaltaí a fhaigheann tacaíocht foghlama sa tríú bliain ar aghaidh chun tabhairt faoin ATF, i gcomparáid le 3% de dhaltaí eile. Cé go gcuireann na cúinsí seo leis an gcosúlacht go ndéanfar an ATF, tugann móramh na ndaltaí sna catagóirí seo faoi chláir Ardteistiméireachta eile mar sin féin. Tá dlúthbhaint idir an cosán oideachais a thógann daltaí agus na cláir a chuireann an scoil ar fáil. Níos minice ná a mhalairt cuirtear an clár ATF ar fáil i scoileanna níos mó atá ag freastal ar dhaonraí atá faoi mhíbhuntáiste. Tá dlúthbhaint idir an cosán a roghnaíonn siad agus beartas na scoile maidir le hiontráil san ATF, chomh maith le rogha an dalta aonair.

### Cad é todhchaí dhaltaí an ATF?

I gcás céimithe an ATF ní théann ach líon beag díobh (28%) ar aghaidh chun staidéar breise a dhéanamh (ardoideachas agus breisoideachas). Níl an ráta seo ach beagán níos airde ná iad siúd a fhágann an scoil le linn na sraithe sinsearaí. Is é an dea-scéal áfach ná go bhfuil rátaí dífhostaíochta i bhfad níos ísle ag céimithe an ATF ná daoine a fhágann an scoil sula gcríochnaíonn siad an tsraith shinsearach.

### Staidéir bhreise

Os rud é go bhfuil deich mbliana ann ó tugadh an AFT isteach i scoileanna, tá an CNCM ag forbairt páipéir a fhéachfaidh ar sholáthar an chláir agus gnéithe laistigh de a d'fhéadfadh gur gá iad a athbhreithniú nó a athrú. Faoi láthair tá an ESRI ag cur taighde i gcrích a choimisiúnaigh an CNCM maidir le taithí daltaí ar an gclár ATF agus tá siad ag breathnú ar dhul chun cinn ón gclár ATF. De bhreis air sin, tá an CNCM ag obair le grúpa scoileanna ag féachaint ar bhealaí ina bhféadfaí ábhair éagsúla, cúrsaí agus modúil ó chláir éagsúla na sraithe sinsearaí a chur le chéile agus próifílí foghlama níos solúbtha (FLPanna) nó cláir phearsantaithe staidéir sa tsraith shinsearach. Cuirfidh gach ceann de na réimsí oibre seo le machnamh i rith na bliana 2009 faoin méid atá bainte amach ag an ATF agus conas ba chóir é a mhúnlú don todhchaí.

Féadfaidh tú tuilleadh eolais faoin ATF agus an obair seo a fháil ó **www.ncc.ie/seniorcycle**

Matamaitic sa ghnáthshaol

# Tá tú tomhai




**Rinne Michael Phelps éacht dochreidte nuair a bhuaigh sé 8 mbonn óir i gCluichí Oilimpeacha an tSamhraidh i mBéising agus nuair a sháraigh sé an churiarracht de sheacht mbonn a bhuaigh Mark Spitz sa bhliain 1972. Meastar go bhfuil rath ar an snámh aige toisc gnéithe éagsúla dá chorp a bheith as an ngnáth. Ceann acu seo ná go bhfuil réise láimhe níos faide ná an gnáth aige, agus í geall le 8cm níos faide ná a airde.**



Cad is brí le 'níos faide ná an gnáth'? Cad é 'gnáth' réise (span) na láimhe d'airde ar leith? An bhfuil gnáthchoibhneasa nó coibhneasa a mbeifí ag súil leo i gcorp an duine?


D'fhéadfadh na ceisteanna seo plé le daltaí agus idir dhaltaí a spreagadh. Cén cóimheas atá idir a n-airde féin agus réise a lámh, dar leo? An ndéanann a n-aois difear ar bith? An bhfuil cóimheas éagsúil ann d'fhir agus do mhná? Cad iad na 'gnáthchoibhneasa' eile a d'fhéadfadh a bheith i gcorp an duine?

Trí úsáid a bhaint as miosúr agus/nó cairt airde, féadfaidh daltaí fad a réise féin agus a n-airde féin (i cm) a sheiceáil agus na torthaí a líonadh sa tábla thall (nó iad a iontráil ar scairbhileog, má tá ríomhaire ar fáil). Ba chóir an cóimheas do gach dalta a ríomh ansin. Ar thuar siad an cóimheas i gceart? Cad é meánchóimheas an ghrúpa?



# ste agam!

| Dalta | Airde(a) | Réise na láimhe (r) | Cóimheas r:a |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| 6 | | | |
| 7 | | | |
| 8 | | | |
| 9 | | | |
| 10 | | | |
| srl.. | | | |



D'fhéadfaí na torthaí a léiriú ar scaipghram, le fáil amach an bhfuil patrún ann. An dtagann sé seo leis an gcóimheas de 1? D'fhéadfaí obair níos deacra a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh agus 'líne an oiriúnaithe is fearr' a oibriú amach nó anailís níos casta a dhéanamh ar na torthaí le seiceáil an bhfuil seasamh ag maíomh Vitruvius i gcás an sampla seo. (Ailtire de chuid na Sean-Róimhe ab ea Vitruvius, a dúirt gurb ionann réise fir agus a airde.)

## Fear Vitruvius – ina dtagann ealaín agus matamaitic le chéile



Cé go gcuimhneoidh daoine ar an Mona Lisa, agus an Suipéar Déanach agus iad ag smaoineamh ar Leonardo da Vinci, ní san ealaín amháin a chuir sé suim. Bhí spéis aige san innealtóireacht, san anatamaíocht, sa luibheolaíocht, sa mhatamaitic agus sa cheol freisin. B'aireagóir é chomh maith agus chuidigh a shamhlaíocht agus an aird a thug sé ar mhionrudaí dó rudaí iontacha a dhearadh, an chuid ba mhó díobh nach bhféadfaí cruthú ina shaolré, ach atá ina n-ábhar iontais ag eolaithe agus innealtóirí ó shin.

Ceann de na pictiúir is mó cáil a rinne sé is ea *Fear Vitruvius* - ainmnithe don ailtire Vitruvius a cheap nasc idir coibhneasa an duine agus geoiméadracht ina thráchtas *De Architectura*. Gabhann nótaí lámhscríofa le pictiúir Da Vinci ( i scríbhneoireacht scáthánach!), a nascann 'aonaid' éagsúla de chorp an duine dhaonna (fireann) leis na coibhneasa a ndearna Vitruvius cur síos orthu.

Tá pictiúr cáiliúil da Vinci le feiceáil ar bhonn 1 euro de chuid na hIodáile, ina bhfuil fíor an fhir sínte amach laistigh de chiorcal agus de chearnóg san am céanna. Féadfar staidiúirí éagsúla a chumadh le meascán éagsúla de shuíomh na láimhe agus na coise. Leis na lámha sínte amach go cothrománach agus na cosa le chéile, tá an fhíor inscríofa ar an gcearnóg fhorshuite, agus na lámha agus na cosa spréite amach, tá an fhíor inscríofa i gciorcal.

Mar ghníomhaíocht bhreise, d'fhéadfadh daltaí iniúchadh a dhéanamh ar thoisí agus ar chóimheasa eile an choirp: fad na láimhe, fad na rí, fad na láimhe uachtaraí, airde an chinn, leithead an chinn, srl. D'fhéadfadh siad smaoineamh ar chomparáid idir a dtorthaí agus torthaí ó ghrúpa daltaí níos sine, nó le sonraí ó ghrúpa daoine fásta.

Gné eile a deirtear a chuidigh le rath Michael Phelps sa snámh ab ea a cholainn atá níos faide ná an gnáth agus go bhfuil a chosa ábhairín gearr. Díreach mar a bhí roimhe seo d'fhéadfaí an méid a thugann na nithe seo le fios dúinn a phlé. B'fhéidir nach dtiocfadh Da Vinci leis sin, ach tá sé deacair ocht mbonn óir ag na Cluichí Oilimpeacha in aon bhliain amháin a shárú!!

Conas a tharraing Da Vinci fear Vitruvius? B'fhéidir go dteastódh ó mhúinteoirí go ndéanfadh a ndaltaí a scileanna tógála a chleachtadh agus coiscéimeanna Da Vinci a leanúint.

Ar dtús tabhair cóipeanna móra den phictiúr do na daltaí agus iarr orthu dearbhú gurb é lár an chiorcail an t-imleachán (navel). Ansin iarr orthu líne a tharraingt díreach ón lár tríd an srón, agus barr an chiorcail a mharcáil. Le huillinntomhas, iarr orthu sraith uillinneacha a leagan amach ón bpointe seo, gach ceann acu 51.5˚ agus marcáil na pointí ar an gciorcal. B'fhéidir go dtabharfadh na daltaí rianta éadroma na seanmharcanna faoi deara. Ceangal na pointí seo le chéile chun réalta seacht-rinneach a dhéanamh.

Ar úsáid Da Vinci an réalta seacht-rinneach chun an fhíor seo a chruthú? Tabhair faoi deara suíomh na lámh uachtarach agus an uchta, agus suíomh na lámh agus na gcos atá oscailte amach. Seiceáil an bhféadfaí réalta cúig–rinneach nó sé–rinneach a úsáid chun éifeacht dá leithéid a bhaint amach. Iarr ar na daltaí réalta seacht-rinneach bun os cionn a tharraingt le dath éagsúil. Cén imlíne a chruthaíonn sé seo do na cosa díreacha agus don ucht? Ar chóip ghlan den phictiúr tarraing ais x-y ag trasnú ag an imleachán. Déroinn gach ceathrú ciorcail chun na trasnáin a fháil agus déroinn arís chun 22.5˚ a fháil. Bain úsáid as na pointí seo chun réalta ocht-rinneach a tharraingt ar an léaráid. Lig do na daltaí a thabhairt faoi deara conas a thagann an réalta seo leis na lámha díreacha agus na guaillí, an muineál, 'an tríú súil', agus an áit ina nascann na cosa leis an gcolainn. Féach mar atá an ceann, na huillinne, na glúine agus na cosa aibhsithe. Ar bhain Da Vinci úsáid as na codanna seo den chiorcal chun a choibhneasa a fháil? An bhfuil cód Da Vinci ann dáiríre?

**Cóimheas eile atá le sonrú i gcorp an duine is ea an cóimheas órga (Phi).**

Is suimiúil agus spreagúil do dhaltaí patrúin in uimhreacha a aimsiú sa nadúr. Leathnú amach fiúntach ar an obair thuas, a d'fheadfadh a bheith níos oiriúnaí do dhaltaí iar-bhunscoile, ná iarraidh orthu smaoineamh ar dhá uimhir ina mbeirteanna. Ba chóir dóibh an uimhir is lú a shuimiú leis an gceann níos mó. Suimigh an toradh sin leis an uimhir is mó den dá bhunuimhir. Athdhéan an próiseas seo cúpla uair. Mar shampla, dá mba iad 7 agus 10 na huimhreacha tosaigh, nuair a shuimítear iad le chéile faightear 17, má shuimítear 17 agus 10 faightear 27, agus má chuirtear é sin le 17 faightear 44 agus mar sin de. Ba chóir dóibh dhá shuim déag a dhéanamh ar a laghad chun seicheamh a chruthú. Iarr ar na daltaí an cóimheas a aimsiú idir an tríú téarma déag agus an dara téarma déag (i.e. 13ú téarma: 12ú téarma). B'fhéidir gur ábhar iontais a bheadh ann gur cuma cén uimhreacha a úsáidtear sa seicheamh, gurb é an cóimheas céanna a bhíonn ann i gcónaí - Phi, an cóimheas órga!

**Thug Matamaiticeoir ó Ré na hAthbheochana darbh ainm Leonardo Pisano ( nó Fibonacci mar is fearr aithne air) faoi deara go síolraíonn an iomaí ainmhí - agus go bhfásann géaga ar roinnt plandaí agus crainn - de réir seicheamh speisialta a ainmníodh ina dhiaidh. Tosaíonn an seicheamh seo le 0 agus le 1 agus ansin leanann sé ar aghaidh, ag leanúint patrún na suimeanna a bhfuil cur síos air thuas.**

## Seo é seicheamh Fibonacci

## 0, 1, 1, 2, 3, 5, 8, 13, 21, 34, 55, 89, 144......

**Ba é Fibonacci a thug uimhreacha Araibise chuig an Iarthar, ag eascairt as a chuid taistil san Oirthear, agus shábháil sé sinn ó chinniúint éagsúil – ag iarraidh uimhreacha Rómhánacha a chur isteach inár n-áireamháin!**

**Féadfar an seicheamh Fibonacci a úsáid chun bís Fibonacci a thógáil, trí cheathrú ciorcail leanúnacha a tharraingt le gathanna ag méadú de réir an tseichimh thuas (ach an chéad dá uimhir a fhágáil amach). Má dhéantar cuardach ar an idirlíon gheofar go leor samplaí den bhís seo agus bealaí chun é a thógáil.**



**Sa scannán Pretty Woman maíodh gurb ionann fad chois an duine daonna agus an fad idir an uillinn agus an riosta. An bhfuil sé seo fíor?**



# Intinní oscailte



## 'Anois is éard atá uaim ná na Fíricí.... Fíricí amháin atá de dhíth sa saol'

(DICKENS, HARD TIMES).

Ach is beag duine dínn a d'aontódh leis an ráiteas seo. Tá a fhios againn uile go bhfuil gá ag daltaí (cosúil linn ar fad) le níos mó ná eolas maidir le fíricí. Ní leor é i gcónaí fios a bheith agat **faoi** rud éigin, bíonn orainn fios a bheith againn **conas** rudaí a dhéanamh chomh maith.

Tá an saol nua-aimseartha ag athrú ar rátaí atá ag éirí níos gasta i gcónaí. An leor iad na rudaí atá á múineadh sna scoileanna anois chun daltaí a réiteach go cuí do shaol an duine fásta? Is í an cineál seo ceiste a thagann aníos go rialta nuair a bhímid ag plé cleachtas an tseomra ranga agus an churaclaim. San athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, forbraíodh príomhscileanna mar iarracht chun na daltaí a chumhachtú leis na scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu don todhchaí. Is iad seo na príomhscileanna: faisnéis a phróiseáil, smaointeoireacht chriticiúil agus smaointeoireacht chruthaitheach, cumarsáid a dhéanamh, comhoibriú le daoine eile, agus a bheith éifeachtach go pearsanta. (Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoi na príomhscileanna ar ár láithreán gréasáin agus in Eagrán 6 de **info@ncca**, ag **www.ncca.ie/news/newsletter**. Ar aon dul leis sin tá obair ar bun i roinnt scoileanna *'Opening Minds'* i Sasana agus an bhliain seo caite d'fhreastalaíomar ar chomhdháil i Londain chun a thuilleadh a fhoghlaim faoin gcur chuige seo.

Is creatchuraclam bunaithe ar inniúlachtaí é ;*'Opening Minds'* a d'eascair as taighde curtha i gcrích ag *an Royal Society for the Encouragement of Arts, Manufactures and Commerce* (RSA). Mhol an RSA gur chóir inniúlachtaí a mhúineadh ar scoil, seachas an Curaclam Náisiúnta, a mheasann siad a dhíríonn ar fhaisnéis. Chothódh na hinniúlachtaí seo scileanna agus cumais daoine óga chun maireachtáil sa saol atá romhainn, agus chun go n-éireodh leo.

Seachas díriú ar ábhair, is bunús iad inniúlachtaí *Opening Minds* agus as sin múintear an curaclam. Bíonn na ceachtanna bunaithe ar thionscadal go hiondúil agus maireann na ranganna trí huaire an chloig. Díríonn gach ceacht ar cheann amháin nó níos mó de na hinniúlachtaí seo a leanas a fhorbairt:

- inniúlacht foghlama
- faisnéis a bhainistiú
- réiteach le daoine
- suíomhanna a bhainistiú
- saoránacht.

Scríobhann gach scoil agus gach roinn a n-aonaid *'Opening Minds'* féin chun múineadh na n-inniúlachtaí a chur san áireamh agus chun béim a leagan orthu.

Tá geall le 135 scoil i Sasana a ghlac leis an gcuraclam *'Opening Minds'* á úsáid le Bliain a 7. Thug an RSA urraíocht do scoil amháin, Acadamh RSA in Tipton, chun an cur chuige *Opening Minds* a úsáid in oideachas iar-bhunscoile na ndaltaí. Tá sé anois á chur i bhfeidhm den chéad bhliain agus tá an-aird á tabhairt air le fáil amach cén chaoi a bhfuil múinteoirí agus daltaí ag déileáil leis an athrú.

Go dtí seo, deir na scoileanna go bhfuil feabhas ar iompar agus spreagadh na ndaltaí agus ar thinreamh, mar aon le feabhas ar an aistriú ón mbunscoil. Mothaíonn roinnt léirmheastóirí áfach go bhfuil an iomarca béime ar inniúlachtaí a fhorbairt agus go bhfuil foghlaim príomheolas na n-ábhar thíos leis sin. Feictear do na múinteoirí go dtógann sé an-chuid ama orthu na haonaid atá bunaithe ar inniúlachtaí a scríobh agus tuairiscíonn siad go bhfuil méadú ar an ualach oibre atá orthu.

Nuair a bhíonn an deis agat, féach ar obair *Opening Minds*, agus féach an dtugann sé aon smaointe duit a d'fhéadfá a úsáid i do sheomra ranga féin. Seans go mothófá go bhfuil an blag/clár na mbarúlacha suimiúil mar is ann a nochtann múinteoirí a dtaithí faoin gcreat curaclaim seo. Is iad seo a leanas na láithreáin ghréasáin **www.thersa.org/projects/education** agus **www.openingminds.org.uk**.

Tá an cur i láthair ón gcomhdháil ar fáil ag **www.thersa.org/projects/education/opening-minds**

**opening-minds-comhdháil-2008.**

# Teachtaireachtaí ó thaighde

Ag breathnú taobh istigh dár scoileanna

Is féidir leis an taighde an-chuid rudaí suimiúla a insint dúinn faoi thaithí múinteoirí agus daltaí nó faoi na slite ina mbaineann scoileanna le tuismitheoirí. Uaireanta dearbhaítear rudaí a cheapamar ar feadh i bhfad ach nach raibh aon fhianaise againn dóibh, féadfaidh sé rudaí a chur ar ár súile nach ionann iad agus ár ndearcadh féin nó dúshlán a thabhairt dúinn glacadh le dearcadh nua ar sheancheist. Tá an dearbhú/dúshlán sin (ag brath ar do dhearcadh féin) le sonrú i ndá phíosa taighde nua atá maoinithe ag an CNCM mar aon le han-chuid léitheoireachta suimiúla. Coláiste Phádraig, Droim Conrach a thug faoin gcéad tionscnamh taighde, ag féachaint ar an eolaíocht sa bhunscoil agus ba é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a thug faoin dara ceann, faoi thuairisciú do thuismitheoirí i mbunscoileanna. Lean ort ag léamh le fáil amach cibé an ndearbhófar nó an dtabharfar dúshlán do do chuid tuairimí féin.




## An eolaíocht sa bhunscoil... Tuairimí na bpaistí!

An dtaitníonn turais allamuigh leis na daltaí i do rang? An mbíonn na maighnéid ar fad sa scoil ar strae nuair a thosaíonn tú ag pleanáil rang faoi fhorsaí? Níl tú i d'aonair!

Ba iad an Dr. Janet Varley, An Dr. Clíona Murphy agus Órlaith Veale i gColáiste Phádraig, Droim Conrach a rinne an taighde ar an eolaíocht sa bhunscoil. Tá na torthaí sa tuairisc, *Science in Primary Schools, Phase 1*, bunaithe ar shonraí a bailíodh le linn cás-staidéir ina raibh 11 bhunscoil páirteach, agus ar shuirbhé a seoladh chuig 70 scoil. Idir mí Dheireadh Fómhair 2007 agus mí Feabhra 2008, breathnaíodh ar dhaltaí ó rang a trí go rang a sé le linn ranganna eolaíochta, cuireadh an-chuid acu faoi agallamh, agus chomhlánaigh 1,030 dalta ceistneoirí. Tá léargas iontach suimiúil sna torthaí agus sna moltaí ar thuairimí ár ndaltaí faoin gCuraclam Eolaíochta agus a mbarúlacha faoi na modhanna múinte agus foghlama a úsáidtear.

***'..is craic iontach é bheith ag obair i ngrúpaí agus is féidir linn cuidiú lena chéile má bhímid i bponc.'***
(DALTA RANG 2)



***'Ní theastaíonn uainn a bheith inar suí ann, ag éisteacht le múinteoir ag caint faoi cad is eolaíocht ann. Teastaíonn uainn é a dhéanamh'.***
(DALTA RANG 4)

***'Ba mhaith liomsa bheith amuigh níos minice chun eolaíocht a fhoghlaim'.***
(DALTA RANG 3)

### Torthaí

Is é an dea-scéal atá sa tuairisc ná go bhfuil daltaí:

- spreagtha faoin eolaíocht sa bhunscoil
- an–dearfach faoi ghnéithe praiticiúla den eolaíocht agus baineann siad an-taitneamh as a bheith ag obair i ngrúpaí beaga
- an-tógtha le bheith i mbun eolaíochta lasmuigh den seomra ranga
- dearfach faoi chuairteoirí a spreag iad maidir le hobair eolaíochta ar scoil agus faoi thurais eolaíochta
- dearfach maidir le húsáid an TFC san eolaíocht.

I dteannta leis an 'dea-scéala' aithníodh cúpla dúshlán.

- Ní bhíonn deiseanna rialta ag roinnt daltaí bheith rannphháirteach san eolaíocht phraiticiúil. Ní minic a úsáidtear fiosruithe treoraithe ag na páistí nó gníomhaíochtaí dear-agus-déan.
- Ní bhíonn an-chuid deiseanna ag daltaí scileanna eolaíochta a fhorbairt mar is minice ná a mhalairt a dhéanann an múinteoir taispeántas agus míníonn sé/sí a bhfuil ar siúl.
- Ní minic a théann daltaí ar thurais allamuigh agus ní minic a bhíonn an deis acu am a chaitheamh le cuairteoirí/saineolaithe maidir le cúrsaí eolaíocha.
- Is beag an deis a bhíonn ag daltaí TFC a úsáid i ranganna eolaíochta.
- I gcoitinne, ní fhaigheann daltaí i mbunscoileanna deiseanna chun a dtaithí san eolaíocht ar scoil a nascadh leis an saol mór nó lena n-áit féin ann.

### Moltaí

Déantar roinnt moltaí suimiúla sa tuairisc maidir le forbairt ghairmiúil sa bhreis, eolaíocht in oideachas réamh-sheirbhíse san áireamh, agus maidir leis an bhfocal draíochta sin – ÁISEANNA.

### Agus na chéad chéimeanna eile…?

Díríonn an dara cuid den taighde ar dhearcadh na ndaltaí faoin gcaoi inar chuidigh a gcuid oibre san eolaíocht sa bhunscoil leo sa mheánscoil. Bí ag faire amach dó.

# Ag tuairisciú do thuismitheoirí, cleachtas na mbunscoileanna

## Tuairisciú do thuismitheoirí sa bhunscoil: cumarsáid, brí agus foghlaim

Rinne foireann ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh, - An tOllamh Kathy Hall, An Dr. Paul Conway, An Dr. Anne Rath, An Dr. Rosaleen Murphy agus Jacinta McKeon – taighde a thiomsaigh léargas ginearálta (pictiúr mór) den tuairisciú. Rinne an fhoireann é seo trí anailís a dhéanamh ar na freagraí ó shampla náisiúnta de bhunscoileanna in Éirinn agus trí bhreathnú níos doimhne ar an scéal i sé scoil inar chuir siad príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí faoi agallamh. Cad a fuair siad amach, agus an dearbhaíonn na torthaí an méid a cheapamar roimhe seo nó an dtugann siad léargas nua os ár gcomhair nach miste dúinn smaoineamh fúthu?

Bhí a fhios agat mar shampla, go mothaíonn múinteoirí go bhfuil na cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí níos éifeachtaí ná tuairiscí scríofa nuair atá siad ag iarraidh cuidiú le tuismitheoirí dul chun cinn a bpáistí a thuiscint agus tacaíocht a thabhairt don dul chun cinn sin.  Ach an raibh a fhios agat, nach seolann geall le scoil amháin as gach sé cinn aon tuairisc scríofa abhaile chuig na tuismitheoirí?

## Cad atá ríthábhachtach dar le múinteoirí chun tuairisciú faoi dhul chun cinn leanaí?

Teastaíonn ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí cur síos ar fhoghlaim na bpáistí i mbealach dearfach cruinn i dtuairiscí scríofa agus i gcruinnithe le tuismitheoirí mar is léir ón ráiteas seo ó phríomhoide: *'níor chóir go mbeadh aon rud ina ábhar iontais'*. Nochtaigh múinteoirí agus príomhoidí an t-imní atá orthu faoin damáiste a d'fhéadfadh tuarisicí diúltacha a dhéanamh do na leanaí. Mar sin, agus i gcás na dtuairiscí scríofa ach go háirithe, tá siad an-airdeallach faoi a bheith cruinn ach tacaíocht a thabhairt don leanbh san am céanna.

## De ghnáth, cén fhad a choinníonn bunscoileanna cóipeanna de thuairiscí agus de thaifid ar dhul chun cinn daltaí?

Gan amhras, is é an freagra ar an gceist seo ná.... go bhfuil eagsúlacht sna beartais ó scoil go scoil. Ach tugann an taighde le fios dúinn go gcoinníonn breis agus 40% de scoileanna na hÉireann taifid i gcomhad go dtí go sroicheann an leanbh 21 bliain d'aois, agus coinníonn aon triain eile de scoileanna na tuairiscí go dtí go bhfágann an leanbh an iar-bhunscoil.

## An dtugann an taighde dúshlán na mbarúlacha coiteanna ar chor ar bith?

Tugann, i gcúpla réimse. Ar cheann de na cinn is suimiúla tá an fhíric nach i gcónaí a thagann barúil nó tuairim na dtuismitheoirí le barúil na múinteoirí. Thug na scoileanna uile le fios sa mhéid gur bhain sé le teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an scoil agus na tuismitheoirí go raibh beartas 'doras oscailte' i bhfeidhm acu.  Bhí deis ag tuismitheoirí bualadh isteach in am ar bith agus labhairt le múinteoir a linbh. Cé gur dhearbhaigh roinnt tuismitheoirí go raibh sé seo amhlaidh, mhothaigh cuid eile go raibh teacht níos teoranta ná sin acu ar na múinteoirí, agus bhí leisce orthu iarraidh ar na múinteoirí an méid a bhí i dtuairisc scoile a linbh a mhíniú nó eolas sa bhreis a lorg. Tagann sé seo aníos mar théama i gcoitinne sa tuairisc seo; nuair a bhítear ag tuairisciú ar dhul chun cinn daltaí ba chóir go mbeadh sé níos cosúla le comhrá idir an múinteoir agus an tuismitheoir – an bhéim ar bhrí a roinnt seachas ar eolas a thabhairt.

## An bhfuil aon rud an-dearfach le rá sa taighde faoi chleachtas an tuairiscithe?

Tá, cinnte. Tá an tuairisc breac le macallaí guthanna na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na leanaí . Níor tháinig na taighdeoirí ar aon leanbh nach raibh suim aige sa tuairisc scoile – is imeacht an-mhór agus an-tábhachtach dóibh é. Tá na scoileanna toilteanach fáilte a chur roimh na tuismitheoirí agus cumarsáid a dhéanamh leo faoi dhul chun cinn a leanaí ar bhealaí cruthaitheacha. Mar shampla:

*'Tá cur chuige eisceachtúil ag scoil amháin, agus is éard a bhíonn i gceist ná go mbíonn nuachtlitreacha á n-eisiúint dhá uair sa tseachtain, bíonn maidineacha caife acu, aonaigh bhia agus imeachtaí idirchultúrtha acu chun cumarsáid a dhéanamh leis na tuismitheoirí faoi fhoghlaim na leanaí'.*

## Agus na chéad chéimeanna eile…?

I bhfianaise na béime méadaithe ar mheasúnú agus ar thuairisciú, moltar sa tuairisc:

*'.. go bhfuil an deis ag scoileanna plé gairmiúil a dhéanamh laistigh den scoil, ar fud na scoile, agus go háirithe laistigh den leibhéal ranga maidir le measúnú ar fhoghlaim leanaí.  Molaimid chomh maith go mbeadh an deis ag scoileanna eiseamláirí a fhorbairt a thacódh le hinsint leanúnach iontaofa faoi fhoghlaim an linbh a chur ar fáil'.*

Is gné thábhachtach iad tuairiscí taighde dár gcomhráití faoinár gcuid oibre san oideachas.  B'fhéidir nach n-insíonn siad an scéal iomlán nó b'fhéidir nach soláthraíonn siad freagraí cinnte, ach is suimiúla iad dá bharr.



Féadfaidh tú an dá thuairisc a íoslódáil ('Science in Primary Schools, Phase 1' agus 'Reporting to Parents in Primary School: Communication, Meaning and Learning') nó iad a léamh ar-líne ag **www.ncca.ie/publications.**

# Oideachas Luath-óige

## Athmhachnamh ar na buncheisteanna

Chun teacht ar tuilleadh eolais faoin gcomhdháil téigh chuig **www.eecera.org.**

**Tionóladh an 18ú comhdháil idirnáisiúnta den European Early Childhood Research Association (EECERA) san Iorua i Meán Fómhair. Ba é teideal na comhdhála ná *Reconsidering the Basics in Early Childhood Education* . 'Aistriú' a bhí ar cheann de phríomhthéamaí na comhdhála i mbliana agus beidh suim ag múinteoirí na naíonán ach go háirithe i roinnt de na smaointe agus na moltaí ó na seisiúin éagsúla.**

Tá múinteoirí na naíonán an-airdeallach faoi na haistrithe ar fad a tharlaíonn i saol na leanaí, agus fiú i gcás aon lá amháin, de réir mar a aistríonn siad ón scoil go dtí an baile agus ar ais arís agus iad ag aistriú idir gníomhaíochtaí. Is eochairaistriú é an t-aistriú chuig an mbunscoil agus bhailíomar roinnt smaointe ón EECERA chun an t-aistriú seo a dhéanamh níos éasca ar gach uile dhuine atá páirteach ann:



- Roimh an samhradh labhair leis na ranganna sinsearacha faoina gcéad lá ar scoil agus na rudaí ar chóir do mhúinteoirí agus tuismitheoirí a dhéanamh chun an t-aistriú sin a dhéanamh níos simplí do na leanaí atá ag dul isteach sa scoil. Glac lena gcomhairle!
- Eagraigh cuairteanna roimh ré, ní hamháin leis na tuismitheoirí agus na leanaí ach tabhair cuireadh do na réamhscoileanna (leanaí agus cleachtóirí) a sheolfaidh leanaí chun na scoile.
- Tabhair cuairt ar na réamhscoileanna seo tú féin. Bíodh cruinniú agat leis na leanaí agus na cleachtóirí agus féach cén cineál timpeallachta as a bhfuil na leanaí ag teacht. Tabhair faoi deara an chaoi ina bhfuil na seomraí eagraithe, na cineálacha comharthaí agus na pictiúir atá ina úsáid, agus cóipeáil cuid acu i do sheomra ranga chun an t-aistriú a dhéanamh níos simplí. Labhair leis na leanaí faoi na rudaí a bheidh ar bun acu sa scoil mhór.
- Nuair a thagann na tuismitheoirí ar cuairt mol dóibh grianghraif a ghlacadh de na limistéir éagsúla (an seomra ranga, clós na scoile, na leithris) agus labhairt fúthu lena leanaí sa bhaile. Mínigh clár ama an lae scoile do na tuismitheoirí.
- Bíodh timpeallacht ann ina gcuirtear fáilte roimh gach leanbh agus roimh a mhuintir agus bíodh comharthaí 'Fáilte' geala i dteangacha dúchais na leanaí le feiceáil (iarr ar leanaí sna ranganna níos sine cuidiú leat)
- Lorg grianghraif de na leanaí agus de phíosaí oibre ón réamhscoil/mbaile agus cuir iad seo ar taispeáint sa seomra ranga an chéad lá.
- Déan an-chuid obair bheirte agus obair ghrúpa ionas go mbeidh an deis ag na leanaí aithne a chur ar a chéile.
- Eagraigh córas na gcairde, ina mbeidh daltaí níos sine nó deartháireacha agus deirfiúracha ag cuidiú leis na daoine nua.
- Labhair leis na leanaí faoi conas atá siad ag socrú isteach agus faoina dtaithí nua. Éist lena ndearcadh faoin aistriú chuig an scoil, agus tabhair freagraí dóibh. Lorg smaointe uathu faoi conas a d'fhéadfaí é a dhéanamh níos éasca. Léigh scéalta ina bhfuil cur síos ar chéadtaithí daoine ar imeachtaí éagsúla.
- Cuimhnigh ar an mboladh! Tá a boladh féin ag gach scoil, go háirithe sna leithris! Cinntigh go bhfuil gallúnach deas nó aerchumhrán ann. Croch cuid de shaothar ealaíne na leanaí ann nó peinteáil an doras nó an clár sciorta i ndath geal.
- Eagraigh imeachtaí agus cluichí i gclós na scoile ina mbeadh leanaí níos sine páirteach iontu. Is taithí scanrúil é uaireanta a bheith i spás mór oscailte lena lán duine eile, an cuid is mó díobh atá níos sine ná tú féin!

Ma bíonn an t-aistriú chuig an mbunscoil réidh is féidir leis na leanaí taitneamh a bhaint as.

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar aon cheann de na tionscadail a luadh san eagrán seo, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin ag www.ncca.ie.**
**Chun tuairim a nochtadh faoi info@ncca nó chun ábhar a mholadh dúinn seol ríomhphost chuig : newsletter@ncca.ie**